II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/628 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Aibreán 2021

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle an 10 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(3) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 224/2014.

(2) An 22 Feabhra 2021, nuashonraigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 2127 (2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an fhaisnéis a bhaineann le duine amháin atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Aibreán 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

([1]) IO L 70, 11.3.2014, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

Sa liosta a leagtar amach i gCuid A (Daoine) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 224/2014, cuirtear an iontráil seo a leanas in ionad iontráil 14:

"14 **. Bi Sidi SOULEMAN (ailias: a) Sidiki b) 'General' Sidiki c) Sidiki Abbas d) Souleymane Bi Sidi e) Bi Sidi Soulemane)**

Ainmniú: Uachtarán agus 'Ginearál' féinfhógartha Retour, Réclamation et Réhabilitation (3R)

Dáta breithe: an 20 Iúil 1962

Áit bhreithe: Bocaranga, Poblacht na hAfraice Láir

Náisiúntacht: Poblacht na hAfraice Láir

Uimhir phas: Laissez-passer uimh. N°235/MISPAT/DIRCAB/DGPC/DGAEI/SI/SP, arna eisiúint an 15 Márta 2019 (arna eisiúint ag Aire Gnóthaí Baile Phoblacht na hAfraice Láir)

Seoladh: Koui, Ouham-Pendé prefecture, Poblacht na hAfraice Láir

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 5 Lúnasa 2020

Faisnéis eile:

Is é Bi Sidi Souleman atá i gceannas ar an ngrúpa mílíste Retour, Réclamation, Réhabilitation (3R) atá lonnaithe i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL) a bhfuil sibhialtaigh maraithe agus easáitithe aige agus a bhfuil céasadh agus éigniú déanta aige orthu agus a bhí ag gabháil do gháinneáil arm, do ghníomhaíochtaí cánachais neamhdhleathacha agus a bhí i mbun cogaidh le mílístí ó bunaíodh é in 2015. Ina theannta sin, bhí baint ag Bi Sidi Souleman féin le céasadh. An 6 Feabhra 2019, shínigh 3R an Comhaontú Polaitiúil um Shíocháin agus Athmhuintearas i bPoblacht na hAfraice Láir ach bhí sé ag gabháil do ghníomhaíochtaí a sháraíonn an Comhaontú agus tá sé fós ina bhagairt don tsíocháin, don chobhsaíocht agus don tslándáil i bPoblacht na hAfraice Láir. Mar shampla, an 21 Bealtaine 2019, mharaigh 3R 34 shibhialtach gan airm i dtrí shráidbhaile agus, dá bharr, cuireadh fir fhásta chun báis go hachomair. Dheimhnigh Bi Sidi Souleman go hoscailte d'Eintiteas de chuid na Náisiún Aontaithe gur thug sé ordú do bhaill de chuid 3R dul chomh fada leis na sráidbhailte tráth na n-ionsaithe ach níor admhaigh sé gur thug sé orduithe do 3R sibhialtaigh a mharú. I mí na Nollag 2020, tar éis dó dul isteach i gcomhghuaillíocht grúpaí armtha a bunaíodh chun cur isteach ar an bpróiseas toghchánach, tuairiscíodh gur maraíodh Bi Sidi Souleman le linn troda.

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Liostaíodh Bi Sidi Souleman an 5 Lúnasa 2020 de bhun mhíreanna 20 agus 21 (b) de rún 2399 (2018), arna shíneadh le mír 5 de rún 2507 (2020), as páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nó tacú le gníomhaíochtaí lena raibh an bonn á bhaint de shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear gníomhartha a chuireann próiseas na cobhsaíochta agus an athmhuintearais i mbaol, nó a chuireann bac ar na próisis sin, nó a spreagann foréigean; a bheith páirteach i bpleanáil, i stiúradh, nó i ndéanamh gníomhartha i bPoblacht na hAfraice Láir lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó an dlí daonnúil idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme, nó ar mí-úsáid nó sáruithe iad ar chearta an duine, lena n-áirítear gníomhartha lena ngabhann díriú ar shibhialtaigh, ionsaithe ar bhonn eitneach nó reiligiúnach, ionsaithe ar nithe sibhialta, lena n-áirítear ionaid riaracháin, tithe cúirte, scoileanna agus ospidéil, agus fuadach agus easáitiú éigeantach.

Faisnéis bhreise

Uachtarán agus 'ginearál' féinfhógartha an ghrúpa armtha Retour, Réclamation et Réhabilitation (3R), bhí Bi Sidi Souleman ag gabháil do ghníomhaíochtaí a chuir síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir i mbaol agus, go háirithe, cur chun feidhme an Chomhaontaithe Pholaitiúil um Shíocháin agus Athmhuintearais i bPoblacht na hAfraice Láir a síníodh in Bangui an 6 Feabhra 2019.

Rinne sé féin agus trodairí faoina cheannas gníomhartha arbh ionann iad agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. An 21 Bealtaine 2019, mharaigh 3R 34 shibhialtach gan airm i dtrí shráidbhaile (Koundjili, Lemouna agus Bohong) agus cuireadh fir fhásta chun báis go hachomair dá bharr.

Faoina cheannaireacht, rinne baill de chuid 3R gníomhaíochtaí lena ngabhann foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe. I mí Mheán Fómhair 2017, le linn ionsaithe in aghaidh Bocaranga, rinne baill de chuid 3R éigniú ar roinnt ban agus cailíní. Idir mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2020, bhí baint ag baill de chuid 3R le seacht gcás d'fhoréigean gnéasach i dtrí shráidbhaile in Ouham-Pendé.

Faoina cheannaireacht, lean 3R de bhac a chur ar athbhunú údarás an stáit ina réimsí oibríochta trí chórais chánachais mhídhleathacha a chothabháil, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí buailteachais agus maidir le taistealaithe agus bhí baint aige le dúshaothrú mídhleathach óir in Mambéré-Kadéï agus Nana-Mambéré.

In 2019, faoina cheannaireacht rinne 3R na chéad sáruithe ar an gComhaontú Síochána. Ar dtús, dhiúltaigh Bi Sidi Souleman tús a chur le dí-armáil agus le díshlógadh na dtrodaithe 3R a bhí ceaptha páirt a ghlacadh sa chéad aonad slándála measctha speisialta in iarthar Phoblacht na hAfraice Láir agus lean 3R dá smacht ar chríocha a mhéadú, rud a d'fhág gur chuir MINUSCA oibríocht ar bun in Ouham-Pendé, Nana-Mambéré agus Mambéré-Kadéï i mí Mheán Fómhair 2019. Lean sé freisin d'airm a gháinneáil chun cur lena chumais mhíleata agus de throdaithe a earcú ó thar lear.

In 2020, lean 3R, faoina cheannaireacht, de sháruithe a dhéanamh ar an gcomhaontú síochána agus lean sé dá smacht ar chríocha san Iarthar a mhéadú. I mí na Bealtaine 2020, ghabh baill de chuid 3R seilbh ar an gendarmerie in Besson in Nana-Mambéré agus thréig iarchodanna de 3R USMS Bouar. An 5 Meitheamh 2020, d'fhógair Bi Sidi Souleman go gcuirfí rannpháirtíocht 3R i sásraí leantacha an Chomhaontaithe ar fionraí go dtí go bhfógrófar a mhalairt. An 9 Meitheamh 2020, rinne grúpa, a mheastar gur baill de chuid 3R iad, ionsaí ar champa traenála USMS Bouar agus ar sheicphointe comhpháirteach de chuid MINUSCA agus na bhfórsaí náisiúnta in Pougol. An 21 Meitheamh 2020, rinne baill de chuid 3R ionsaí ar phatról comhpháirteach de chuid MINUSCA agus na bhfórsaí náisiúnta gar do Besson inar maraíodh triúr saighdiúirí as Poblacht na hAfraice Láir."